# Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

**(Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí, agus Maigh Cuilinn)**

Is é is aidhm le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe ná measúnú a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce agus ar bhonneagar líonra sa limistéar staidéir chun a shainaithint cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus straitéisí agus réitigh inbhuanaithe draenála a shainaithint don Limistéar Staidéir.

## Céard is straitéis fuíolluisce ann?

De réir mar a fhásann ár ndaonra agus ár ngeilleagar, is amhlaidh a dhéanann méid an fhuíolluisce. Ní mór dúinn an fuíolluisce seo a bhailiú agus a chóireáil ionas gur féidir an t-uisce cóireáilte a thabhairt ar ais go sábháilte don chomhshaol. Is é cuspóir Straitéise Fuíolluisce ná measúnú a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce agus ar bhonneagar líonra i limistéar geografach sainithe chun a shainaithint cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá bonneagar fuíolluisce leordhóthanach riachtanach chun soláthar tithíochta agus forbairt tráchtála a éascú agus chun tacú le fás inbhuanaithe.

## Tá roinnt dúshlán roimh Mhórcheantar na Gaillimhe maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce, lena n-áirítear:

- Méadú ar an daonra.
- Dúshláin maidir le comhlíonadh ag ionaid chóireála fuíolluisce agus líonraí séarachais atá ann cheana.
- Ceanglais chóireála fuíolluisce agus acmhainne líonra chun déileáil le riachtanais fuíolluisce reatha agus amach anseo.
- Brúnna ar na huiscí glactha ó sceitheadh fuíolluisce.
- Athrú Aeráide.

## Spriocanna Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

Is é is aidhm le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe ná measúnú a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce agus ar bhonneagar líonra sa limistéar staidéir chun a shainaithint cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Beidh sé mar aidhm ag an staidéar straitéisí inbhuanaithe bainistíochta agus cóireála fuíolluisce a shainaithint agus liosta roghanna tosaíochta a fhorbairt don tréimhse tionscadail 2030, 2055 agus 2080.

Is iad spriocanna Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe ná:

- Tacú le forbairt an limistéir staidéir amach anseo tríd an acmhainn is gá a sholáthar i gcórais draenála, bainistíochta agus chóireála fuíolluisce.
- An comhshaol a fheabhsú agus a chosaint trí bhainistiú éifeachtach fuíolluisce.
- Tús áite a thabhairt do roghanna inbhuanaithe maidir le bainistiú éifeachtach fuíolluisce a chuireann an iliomad buntáistí ar fáil.
- Príomhroghanna straitéiseacha a shainaithint a sholáthróidh an acmhainn is gá i gcórais draenála, bainistíochta agus chóireála fuíolluisce suas go dtí 2080.
- A chinntiú go gcuirfidh na roghanna a fhorbrófar an t-athrú aeráide san áireamh.

# An Limistéar Staidéir

Cuimsíonn limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí agus Maigh Cuilinn.




# Conas a fhorbrófar Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe?

Áireofar sa staidéar anailís ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana mar aon le bailiú sonraí, measúnuithe ar an daonra agus ar fhás eacnamaíoch, measúnú straitéiseach comhshaoil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara chun réitigh mheántéarmacha agus fhadtéarmacha ar riachtanais fuíolluisce an réigiúin a shainaithint.

Seachadfaidh Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe straitéis inbhuanaithe draenála a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais an bhonneagair fuíolluisce. Cuirfear roghanna inbhainte amach, straitéiseacha, agus inbhuanaithe draenála, bainistíochta agus cóireála ar fáil leis an staidéar.

Beidh an réiteach inbhuanaithe draenála, bainistíochta nó cóireála ag teacht le hoibleagáidí reachtúla agus le tiománaithe rialála atá deartha chun cuspóirí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon a leagtar amach sa Chreat-Treoir Uisce (CTU) agus sna Treoracha Cóireála Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh.

# Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

**(Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí, agus Maigh Cuilinn)**

Mar thoradh ar rath eacnamaíoch Ceantar Cathrach na Gaillimhe agus na gceantar máguaird faoin Straitéis Spáis Náisiúnta tá fás an-suntasach tagtha ar na réimsí sin. Tá dúshlán roimh an mbonneagar fuíolluisce coinneáil suas leis an bhfás seo agus leis an éileamh méadaithe ar thalamh seirbhísithe nua le haghaidh tithíochta, forbartha tráchtála, agus tionscail.

## Na dúshláin atá roimh Ghaillimh faoi láthair

- Méadú ar an daonra.
- Dúshláin maidir le comhlíonadh ag ionaid chóireála fuíolluisce agus líonraí séarachais atá ann cheana.
- Ceanglais chóireála fuíolluisce agus acmhainne líonra chun déileáil le riachtanais fuíolluisce reatha agus amach anseo.
- Brúnna ar na huiscí glactha ó sceitheadh fuíolluisce.
- Athrú aeráide.

## Céard is straitéis fuíolluisce ann?

Is é cuspóir Straitéise Fuíolluisce ná measúnú a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce agus ar bhonneagar líonra i limistéar geografach sainithe chun a shainaithint cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá bonneagar fuíolluisce leordhóthanach riachtanach chun soláthar tithíochta agus forbairt tráchtála a éascú agus chun tacú le fás inbhuanaithe.

## Cad é an limistéar staidéir?

Cuimsíonn limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí agus Maigh Cuilinn.

## Cén chaoi a bhfuil an staidéar á fhorbairt?

Áireofar an méid seo a leanas i nDréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe:

1. Anailís ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana mar aon le bailiú sonraí
2. Measúnuithe daonra agus fáis eacnamaíoch
3. Measúnú Straitéiseach Timpeallachta
4. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal

## Cén uair a rachaimid i gcomhairle?

**Comhairliúchán a hAon:**
Tá an chéad bhabhta comhairliúcháin oscailte ón 26 Meán Fómhair go dtí an 20 Samhain 2024, agus táimid ag lorg aiseolais agus tuairimí ar an bPáipéar Ceisteanna, ar Scagadh an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta (MST) agus ar Thuarascáil Scóipe an Mheasúnaithe Chuí (MC).

**Comhairliúchán a Dó:**
Breithneofar aiseolas ó chomhairliúchán amháin i bhforbairt dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe a fhoilseofar le haghaidh comhairliúcháin in 2025 mar aon leis na tuarascálacha comhshaoil gaolmhara.

## Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Ríomhphost: gws@water.ie

Suíomh Gréasáin: www.water.ie/gws



# Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe Treochlár Comhairliúcháin

**2023**

### Scagadh a dhéanamh ar Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

- Measúnú ar Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe ar tugadh fúithi agus mar thoradh air sin cinneadh chun tabhairt faoi Thuarascáil Scóipe ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus faoi Thuarascáil ar Mheasúnú Cuí (MC)

**2024**

### Comhairliúchán ar an bPáipéar Ceisteanna, Measúnú Straitéiseach Timpeallachta agus Tuarascálacha Measúnaithe Chuí

**Fómhar - Geimhreadh 2024**

- Tuarascálacha Scóipe an MST agus Scagtha MC a fhoilsiú agus aiseolas a lorg
- Comhairliúchán 1

**2025**

### Ullmhaigh Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

**Geimhreadh - Earrach 2025**

- Breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí a fuarthas le linn Chomhairliúchán 1 agus freagra a thabhairt orthu

**2025**

### Comhairliúchán ar Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

**Samhradh 2025**

- Foilsigh Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe
- Tuarascáil Chomhshaoil MST agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a fhoilsiú
- Aiseolas a lorg ó údaráis chomhshaoil agus ó gach páirtí leasmhar
- Comhairliúchán 2

**2025**

### Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe a thabhairt chun críche

**Fómhar 2025**

- Aighneachtaí a fuarthas le linn Chomhairliúchán 2 a bhreithniú agus freagra a thabhairt orthu

**2025**

### Foilsigh Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

**Fómhar - Geimhreadh 2025**

- Foilsigh Straitéis Chríochnúil Fuíolluisce na Gaillimhe
- Foilsigh Ráiteas an MST
- Foilsigh Ráiteas an MC
- Foilsigh Tuarascáil an Chomhairliúcháin

## Céard atá ag tarlú anois?

Tá aiseolas á lorg ag Uisce Éireann ar an bPáipéar Ceisteanna, ar Thuarascáil Scóipe Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe agus ar Thuarascáil Scagtha Mheasúnú Cuí (MC) Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe.

## Comhairliúchán 1

Tabharfar faoin gcomhairliúchán ar feadh ocht seachtaine ón 26 Meán Fómhair go dtí an 20 Samhain 2024. Le linn na tréimhse sin is féidir breathnú ar an bpáipéar Ceisteanna, Scóipeáil MST agus Scagadh AA agus iad a íoslódáil ag www.water.ie/GWS.

## Chun aighneacht a dhéanamh:

Ríomhphost: gws@water.ie

Post: Straitéis Uisce Éireann, Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe, 1 Páirc Ghnó na Gaillimhe, Bóthar Uachtarach an Chaisleáin Nua, An Daingean, Gaillimh H91 A3EF

Déanfar aiseolas a fhaightear ón bPáipéar Ceisteanna, ó Thuarascáil Scóipeála MST agus ó Thuarascáil Scagtha MST a athbhreithniú agus a chur san áireamh nuair a bhíonn na dréachtleaganacha de SFG, Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN á n-ullmhú.

## Ceisteanna Comhairliúcháin

Chun cabhrú le páirtithe leasmhara aighneacht a dhéanamh mar chuid den chomhairliúchán seo, iarraimid aiseolas ar na ceisteanna comhairliúcháin seo a leanas; níl aiseolas teoranta do na ceisteanna seo, áfach.

1. An bhfuil aon mholtaí agat ar mhaith leat go ndéanfadh Uisce Éireann machnamh orthu agus Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe á hullmhú aige?
2. Cuimsíonn limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí agus Maigh Cuilinn. An bhfuil aon tuairimí agat air seo?
3. An bhfuil aon tuairimí agat ar an gcur chuige i leith an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta do Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe?
4. Tugann Roinn 2.1 i gcaibidil 2 de Thuarascáil Scóipe an MST breac-chuntas ar chuspóirí Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe. An bhfuil aon tuairimí agat ar na cuspóirí seo?
5. I gCaibidil 3 de Thuarascáil Scóipe an MST leagtar amach na dálaí timpeallachta bunlíne reatha agus treochtaí amach anseo. Déantar achoimre ar na ceisteanna comhshaoil i dtábla 3.20.1. An bhfuil aon tuairimí agat orthu seo?
6. Tá athbhreithniú déanta ag Uisce Éireann ar phleananna, ar bheartais agus ar chláir a bhaineann le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe i gcaibidil 4 de Thuarascáil Scóipe an MST. An bhfuil aon chinn eile ar cheart a chur san áireamh?
7. I gCaibidil 5 de Thuarascáil Scóipe an MST leagtar amach na cuspóirí comhshaoil a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar an Straitéis Fuíolluisce agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici ar an gcomhshaol. Déantar achoimre ar na cuspóirí seo i dTábla 5.2.1. An bhfuil aon tuairimí agat orthu seo?
8. Cén chaoi ar mhaith leat go ndéanfadh Uisce Éireann cumarsáid leat de réir mar a théann an plean ar aghaidh?

Tabharfar aitheantas d'aighneachtaí a chuirfear le chéile i dtuarascáil chomhairliúcháin agus tabharfar freagra orthu sa Dréachtstraitéis Fuíolluisce.

Déanfar athbhreithniú ar Thuarascáil Scóipe an MST ar gach aighneacht a dhéanfar agus cuimseofar aiseolas ábhartha sna tuarascálacha comhshaoil agus i ndréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe de réir mar is cuí. Déanfar aighneachtaí ó dhaoine aonair a thuairisciú gan ainm agus cuirfear aiseolas ó eagraíochtaí ina leith.

## Na Chéad Chéimeanna Eile

Nuair a bheidh dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe agus na Tuarascálacha Comhshaoil a ghabhann léi forbartha ag Uisce Éireann, cuirfimid tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí in 2025 maidir le dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe agus na Tuarascálacha Comhshaoil a ghabhann léi.